Áitreabh ar Cíos agat agus tú san Ollscoil

Ag freastal ar an ollscoil don chéad uair? Nó ag filleadh do do bhliain deiridh? Tá na leideanna is fearr curtha le chéile againn a chaithfidh a bheith ar eolas agat má tá áitreabh ar cíos agat san ollscoil. Scrollaigh síos chun níos mó a fhoghlaim.

Is éard atá i gCóiríocht Sonrach do Mhic Léinn tithíocht a tógadh nó a ainmnítear do mhic léinn agus a úsáidtear chun cóiríocht chónaithe a sholáthar do mhic léinn le linn an téarma acadúil amháin.

Thug an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) 2019 Cóiríocht Sonrach do Mhic Léinn faoi shainchúram an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe ar an 15 Iúil 2019.

Ciallaíonn an reachtaíocht seo go bhfuil Institiúidí Ardoideachais, mar ollscoileanna nó coláistí, a sholáthraíonn Cóiríocht Sonrach do Mhic Léinn do mhic léinn i rith na bliana acadúla, faoi shainchúram an RTB.

Soiléiríonn an reachtaíocht freisin go bhfuil Cóiríocht Sonrach do Mhic Léinn a sholáthraíonn tiarna talún san earnáil phríobháideach faoi dhlínse an RTB, is cuma an bhfuil comhaontú léasa nó ceadúnais i bhfeidhm. Ciallaíonn sé seo go **gcaithfear** gach tionóntacht nó ceadúnas, a thagann faoi shainchúram an RTB, a iontráladh ar an 15 Lúnasa 2019 nó dá éis **a chlárú** leis an RTB.

Tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas **nach** dtagann cóiríocht Sheomra ar Cíos agus stíl lóistín faoi shainchúram an RTB.

Tá rochtain ag gach mac léinn, tionónta agus ceadúnaí i gCóiríocht Sonrach do Mhic Léinn ar Sheirbhísí Réitigh Díospóide an RTB

Tá rochtain ag tiarnaí talún a bhfuil a dtionóntachtaí cláraithe leis an RTB ar Sheirbhísí Réitigh Díospóide an RTB. Is féidir an tseirbhís seo a úsáid le haghaidh saincheisteanna cosúil le hathbhreithnithe cíosa agus socrú cíosa, éarlaisí, sáruithe ar oibleagáid lena n-áirítear iompar frithshóisialta agus saincheisteanna a bhaineann le cothabháil.

Is féidir le tionóntaí mac léinn Seirbhís Réitigh Díospóide an RTB a úsáid fiú mura bhfuil a dtionóntacht cláraithe ag a dtiarna talún.

- Is féidir teacht ar fhaisnéis bhreise faoin tSeirbhís Réitigh Díospóide anseo.
- Más soláthraí Cóiríochta Sonrach do Mhic Léinn tú, cliceáil anseo, le do thoil, le haghaidh tuilleadh faisnéise.

Na Leideanna is Fearr do Mhic Léinn atá Áitreabh ar Cíos acu san Ollscoil

Camscéimeanna Cóiríochta ar Cíos

Tá rabhadh á thabhairt ag an nGarda Síochána do mhic léinn fanacht ar an airdeall mar gheall ar mhéadú ar camscéimeanna lóistín cíosa. Tarlaíonn camscéimeanna cíosa i rith na bliana ach tá spíce ar leith ag tús téarma acadúil.

Má chreideann tú gur fhulaing tú calaois den sórt sin, tabhair tuairisc air seo do do stáisiún Garda áitiúil nó do stáisiún póilíní áitiúil má tá cónaí ort taobh amuigh d'Éirinn.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoi bheith airdeallach a fháil anseo. Déan cinnte go bhfoghlaimíonn tú faoi do chearta agus do fhreagrachtaí mar thionónta mac léinn trí léamh trínár leideanna thíos

Féach timpeall & breathnaigh ar an maoin sula síneofar comhaontú tionóntachta

D'éirigh leat áit a fháil san ollscoil agus anois tá sé in am áit éigin a fháil le maireachtáil ann. Is dúshlán é cóiríocht a fháil ag an am seo den bhliain, mar is minic go mbíonn slua de mhic léinn ollscoile nua agus iad ag filleadh ar ais. Cé go bhféadfadh sé a bheith mealltach, níor cheart duit comhaontú tionóntachta a shíniú nó éarlais a íoc don chéad áit a fheiceann tú - glac roinnt ama chun réadmhaoin eile a fheiceáil agus áit éigin a fháil is fearr a fhreastalóidh ar do chuid riachtanas. Féach i gcónaí ar réadmhaoin go pearsanta sula síneoidh tú

comhaontú tionóntachta. Ceanglaítear ar gach tiarna talún a fhaigheann cíos ó mhic léinn a dtionóntachtaí a chlárú leis an RTB. Is féidir leat "https://www.rtb.ie/register-a-tenancy"registering an tionóntacht a seiceáil.nó Cliceáil anseo a sheiceáil chun clár Cóiríochta Sonrach do Mhic Léinn a fheiceáil
Ceanglaítear de réir dlí ar gach soláthróir seirbhísí réadmhaoine (Gníomhairí Ligin, Ceantálaithe, Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Bainistíochta) atá ag feidhmiú i bPoblacht na hÉireann ceadúnas PSRA a shealbhú agus ba cheart do gach mac léinn atá ag iarraidh cóiríocht a fháil ar cíos iarraidh ar ceadúnas an tsoláthraí seirbhíse réadmhaoine a fheiceáil agus tabhair faoi deara uimhir an cheadúnais. Is féidir an uimhir seo a sheiceáil ansin ar Chlár na Soláthraithe Seirbhísí Réadmhaoine Ceadúnaithe lena chinntiú nach amháin go bhfuil an ceadúnas bailí agus in dáta, ach go bhfuil sonraí an tsoláthraí comhoiriúnach leis na sonraí ar an gClár. Le haghaidh tuilleadh faisnéise tabhair cuairt ar www.psr.ie agus chun an clár poiblí a sheiceáil cliceáil anseo.

Ní féidir leatrom a dhéanamh ort agus tú ag lorg cóiríochta

Agus tú ag féachaint ar chóiríocht atá ar fáil ar cíos, cuimhnigh nach féidir le tiarna talún nó gníomhaire leatrom a dhéanamh i do choinne mar gheall ar d'aois, inscne, cine nó claonadh gnéasach. Má bhraitheann tú go ndearna soláthróir cóiríochta leatrom ort, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Cliceáil anseo chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin reachtaíocht chomhionannais a chuimsíonn cóiríocht phríobháideach ar cíos

Amharc ar na bunghnéithe: teastaíonn gach cóiríocht ar cíos roinnt íoschaighdeáin bhunúsacha a chomhlíonadh

Agus tú ag féachaint ar chóiríocht atá ar fáil ar cíos, seiceáil go gcomhlíonann sé íoschaighdeáin bhunúsacha. Caithfidh gach cóiríocht ar cíos líon áirithe bunriachtanas a chomhlíonadh, mar shampla, caithfidh uisce te agus fuar a bheith

ar fáil don tionónta. Tá an tÚdarás Áitiúil ina bhfuil an tionóntacht suite freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann do chóiríocht na híoschaighdeáin.
Déanann Údaráis Áitiúla cigireachtaí ar chóiríocht ar cíos lena chinntiú go gcuirtear na bunriachtanais ar fáil do thionóntaí. Mura soláthraíonn tiarna talún na bunriachtanais, féadfar iad a ionchúiseamh. Spreagtar tiarnaí talún chun cigireachtaí rialta a dhéanamh ar a gcuid réadmhaoine ar cíos, ach ba cheart dóibh na cigireachtaí seo a shocrú leis an tionónta, ag tabhairt fógra leordhóthanach.

Íoc d'éarlais & faigh admháil:

Is minic a iarrfaidh tiarnaí talún éarlais ag tús na tionóntachta. Ní féidir le tiarna talún tionóntachta SSA iarraidh ort níos mó ná mí de chíos a íoc mar éarlais don réadmhaoin. Go hidéalach, níor cheart duit éarlais a íoc go dtí go bhfeiceann tú an réadmhaoin agus go bhfuil tú sásta le téarmaí an chomhaontaithe tionóntachta. Nuair atá tú sásta leis an réadmhaoin, íoc an éarlais agus déan cinnte admháil a iarraidh a shonraíonn go soiléir an méid a íocadh agus an dáta.
Más féidir, ná íoc éarlais in airgead tirim.

Coinníonn an tiarna talún an éarlais go dtí deireadh na tionóntachta agus ba cheart dó/dí é a thabhairt ar ais go pras nuair a thiocfaidh deireadh leis an tionóntacht. Chun a chinntiú go bhfaighidh tú d'éarlais iomlán ar ais, tá sé tábhachtach na coinníollacha a leagtar amach sa chomhaontú tionóntachta a leanúint, an réadmhaoin a choinneáil i riocht maith, Tá sé tábhachtach a mheabhrú freisin go bhféadfadh tiarna talún a bheith i dteideal cuid den éarlais a choinneáil i gcásanna áirithe.

Mar shampla, mura bhfuil do chíos íoctha agat agus má tá riaráistí cíosa agat ag deireadh tionóntachta, féadfaidh tiarna talún an éarlais go léir, nó cuid den éarlais a choinneáil chun na riaráistí a chlúdach. Má dhéantar damáiste don réadmhaoin atá níos mó ná gnáthchaitheamh agus gnáthchuimilt, féadfaidh tiarna

talún an éarlais go léir nó cuid di a choinneáil chun aon damáiste a dhéantar a dheisiú. Má tá tú i dtionóntacht ar théarma sheasta (m.sh. tionóntacht 12 mhí) agus fágann tú an tionóntacht roimh dheireadh an téarma sheasta, d'fhéadfadh go mbeadh tiarna talún i dteideal d'éarlais a choinneáil nó cuid di a asbhaint chun na costais a bhaineann le hath-ligean na cóiríochta agus aon chíos a chaillfear ón téarma seasta a fhritháireamh.

Cliceáil anseo le haghaidh seicliosta atá cabhrach agus éarlais a aischuir á lorg.

Má tá cóiríocht ar cíos agat le cairde nó le mic léinn eile, déan cinnte go bhfuil tú ar an eolas faoin méid a deir an comhaontú tionóntachta

Má tá tú ag roinnt cóiríochta le cairde nó le mic léinn eile, bí soiléir ag tús na tionóntachta go bhfuil sibh go léir ar an eolas faoin bhfaisnéis atá sa chomhaontú tionóntachta, agus bhur gcearta agus bhur bhfreagrachtaí mar thionóntaí.

Mar shampla, má shíníonn triúr comhaontú tionóntachta ar théarma seasta, agus má fhágann tionónta amháin an tionóntacht go luath, tá an dá thionónta eile freagrach anois as a chinntiú go n-íoctar an cíos iomlán. Ba cheart do thionóntaí a chinntiú go bhfuil sonraí teagmhála an tiarna talún nó an ghníomhaire acu atá ag obair thar a gceann agus ba cheart dóibh línte oscailte cumarsáide a choinneáil lena dtiarna talún.

Bíodh eolach ar cíos atá le híoc agat: Baineann rialacha Crios Brú Cíos (RPZ) le tionóntachtaí nua agus reatha

Tá Criosanna Brú Cíos (RPZanna) lonnaithe i gcodanna den tír ina bhfuil na cíosanna is airde agus ag ardú, agus ina mbíonn an deacracht is mó ag teaghlaigh cóiríocht inacmhainne a fháil. Tá sé i gceist acu an t-ardú ar chíosanna sna ceantair seo a mhodhnú agus margadh cíosa seasmhach inbhuanaithe a chruthú a ligfidh do thiarna talún agus do thionóntaí pleanáil airgeadais a dhéanamh dá dtodhchaí.

Má tá do thionóntacht i RPZ, ní féidir cíosanna a mhéadú níos mó ná boilsciú ginearálta nó 2% in aghaidh na bliana pro rata, áit a bhfuil boilsciú níos airde. Baineann sé seo le tionóntachtaí nua agus reatha (mura bhfuil díolúine á cur i bhfeidhm). Chun a sheiceáil an bhfuil do thionóntacht i RPZ agus má ghearrtar an méid ceart cíosa ort, féach ar Áireamhán Creasa Brú Cíosa an RTB trí chliceáil anseo.
Ag tús tionóntachta nua i gCrios Brú Cíosa, éilítear ar thiarna talún an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar don tionónta, i scríbhinn:

- An méid cíosa a socraíodh an uair dheiridh, is é sin an méid cíosa a bhí á íoc ag an tionónta roimhe seo san áitreabh cíosa.

- An dáta a socraíodh an cíos an uair dheiridh, is é sin an dáta a thosaigh an tionóntacht roimhe seo nó an dáta a shocraigh an tiarna talún roimhe seo agus a sheirbheáil an fógra athbhreithnithe cíosa.

- Ráiteas maidir le conas a socraíodh an cíos san áitreabh cíosa ag féachaint don áireamhán Creasa Brú Cíosa an RTB a léiríonn an HICP is déanaí.

Tá sé tábhachtach a mheabhrú nach bhfuil gach tionóntacht atá lonnaithe i gCriosanna Brú Cíosa faoi réir rialacha an Chreasa Brú Cíosa. Mar shampla, má tá réadmhaoin nua don mhargadh cíosa agus mura bhfuil sí ar cíos ag am ar bith sa 2 bhliain roimhe sin, ní thagann sí faoi shrianta an Chreasa Brú Cíosa. Tá réadmhaoine a mheastar a bheith ina struchtúr cosanta nó a ndearnadh athrú substaintiúil orthu eisiata ó shrianta an Chreasa Brú Cíosa.

Cliceáil anseo chun tuilleadh faisnéise a fháil ar thionóntachtaí i gCriosanna Brú Cíosa.

Bíodh a fhios agat cé mhéid atá le híoc: tá teorainneacha leis an méid ardchíosa is féidir leat a íoc

Ní féidir a chur ar mhic léinn agus ar thionóntaí san earnáil phríobháideach ar cíos níos mó ná a chomhionann de chíos míosa a íoc roimh ré le linn tionóntachta.

Tá eisceacht ó na rialacha seo do mhic léinn a bhfuil cónaí orthu i gCóiríocht Sonrach do Mhic Léinn. Féadfaidh mic léinn níos mó ná mí de chíos a íoc roimh ré más mian leo déanamh amhlaidh agus le comhaontú an tsoláthraí cóiríochta.

Mar shampla, b'fhéidir gurbh fhearr le roinnt tionóntaí mac léinn cíos 3 nó 4 mhí a íoc roimh ré dá dtéarma in ionad a íoc mí amháin ag an am. Níl aon oibleagáid dhlíthiúil air sin a dhéanamh, ach ceadaítear é más mian leis an mac léinn.

Cad a tharlaíonn má theastaíonn uait deireadh a chur le do thionóntacht?

Féadfaidh mac léinn tionóntacht SSA a fhoirceannadh trí fhógra foirceanta a sheirbheáil ag tabhairt fógra 28 lá beag beann ar fhad na tionóntachta. Mar sin féin, má tá an tionóntacht ar feadh téarma seasta, ní féidir leis an mac léinn an tionóntacht a fhoirceannadh ag tabhairt fógra 28 lá ', mura rud é:

- gur sháraigh soláthraí an SSA a oibleagáidí; * nó
- ceadaíonn an comhaontú tionóntachta don tionónta é seo a dhéanamh.

*(Ní cheanglaítear ar mhac léinn fógra 7 lá a thabhairt má chruthaíonn iompar an tsoláthraí SSA gar-chontúirt báis nó gortú tromchúiseach nó baol láithreach do fhabraic an áitreabh/an foirgneamh ina bhfuil sé).

Téigh i dteagmháil leis an RTB chun tuilleadh faisnéise a fháil

Spreagfadh an RTB gach tionónta agus tiarna talún i gcónaí chun línte cumarsáide a choinneáil oscailte agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna de réir mar a thagann siad le chéile.

Mura féidir é sin a dhéanamh, féadfaidh aon tionónta, mac léinn nó ceadúnaí, nó tiarna talún cláraithe, iarratas a dhéanamh ar Réiteach Díospóide leis an RTB. Is féidir le gach tionónta an tseirbhís seo a úsáid chun saincheisteanna a réiteach, mar shampla: athbhreithnithe cíosa agus socrú cíosa, éarlaisí, sáruithe oibleagáide lena n-áirítear iompar frithshóisialta, agus saincheisteanna a bhaineann le caighdeáin agus cothabháil.

Is féidir teacht ar fhaisnéis bhreise faoin tSeirbhís Réitigh Díospóide anseo.

Déan teagmháil linn ar an nguthán:

Táimid ar oscailt ó 9:00 go 5.00 Dé Luan go hAoine

Glaoigh orainn ar 01 702 8100 nó 0818 30 30 37

Twitter:

Lean an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe ar Twitter @RTBinfo